

NUACHTLITIR

Bealtaine 2011



AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA

Camas, Conamara.

Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155

www.drama-gaeilge.com

eolas@drama-gaeilge.com

Le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge



Féile Náisiúnta Drámaíochta 2011



Ag ócáid bhronnta na ngradam ag an bhFéile Náisiúnta – Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D. le moltóirí, buaiteoirí, oifigigh agus coiste stiúrtha na féile.

Bhí slua breá i láthair ag drámaí na Féile Náisiúnta Drámaíochta 2011 in Amharclann Chois Fharraige, Conamara. Cuireadh críoch spleodrach leis an ócáid nuair a bhronn Donnchadh Mac Fhionnlaoich, Aire Stáit na Gaeltachta gradaim na Féile.

Bronnadh gradam léiritheoireachta ar an Athair Tomás Ó hIcí, Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne agus bronnadh gradam scrípte ar Aodh Ó Domhnaill, Aisteoirí Bulfin, Baile Átha Cliath. Bronnadh gradaim aisteoireachta ar Shiobhán Ní Chathalláin, Aisteoirí Bhréanainn agus ar Gerry Motherway, Compántas Chorcaí. Bronnadh gradam foirne ar Aisteoirí Bhréanainn don dráma nua *Ciúnas* leis an Athair Tomás Ó hIcí.

Bronnadh Gradaim na hÉigse orthu seo: Máirín Uí Chonghaile, Baile na hAbhann, Conamara agus Tomás Ó Maolruaidh, Corr na Móna, do agallamh beirte; Lucia Athenica agus Kyle Carey, Corca Dhuibhne, do cheapóga; Éamonn Ó Súilleabháin agus Micheál Ó Tuairisg, Corr na Móna, do lúibín agus bronnadh gradam do agallamh beirte freisin ar Phádraig Ó Caomhánaigh agus Micheál Ó Tuairisg, Corr na Móna.

Ba é Micheál Ó Maolrúnaigh, Foras na Gaeilge, a d'oscail an Fhéile Náisiúnta go hoifigiúil ar oíche Aoine agus rinne RTÉ Raidió na Gaeltachta an oscailt agus bronnadh na ngradam a chraoladh beo ón amharclann le fear a' tí, Máirtín Mac Donnchadha, á gcur i láthair.

Bhí Bríd Ní Neachtain, an t-aisteoir cáiliúil ó Ros Muc, ina moltóir ar na drámaí agus ba iad Proinsias Ó hOireachtaigh, Áine Uí Chuill agus Eibhlín Ní Lionáird a bhí ina moltóirí ar Éigse na Féile.



Gradam Aisteoireachta á bhronnadh ar Shiobhán Ní Chathalláin, Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne, ag Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D.

CLÚDACH:

Ag an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta: Síle Ní Scanláin, Teach Mór, Indreabhán agus Sinéad Ní hUallacháin, Aisteoirí Bulfin, Baile Átha Cliath.

Pictiúir eile: Cuid den tinreamh ag an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta.

Tomás Mac Anna

– Ómós –



Gradam speisialta á bhronnadh ar Thomás Mac Anna ag Seán Ó Morónaigh ag Féile Náisiúnta Drámaíochta 1997 i Ros a' Mhíl, Conamara.

Ar an 17 Bealtaine 2011 tháinig an scéala go raibh Tomás Mac Anna, iar-stiúrthóir ealaíne ar Amharclann na Mainistreach, imithe ar shlí na fírinne.

Mar léiritheoir a thuill cáil idirnáisiúnta don amharclann i mBéarla sa tír seo, is mór againn gur aithin sé i gcónaí an áit bhunúsach atá ag drámaíocht na Gaeilge.

Is ábhar mórtais dúinn gur scríobh sé ina leabhar *Fallaing Aonghusa* –

“Ar an matal taobh liom tá meadáille ar sheastán beag, gradam an Tónaí ó Nua-Eabhrac, agus taobh leis mórbhonn eile, Gradam na Mainistreach, agus ar chúl in áit éigin ornáid bheag órga a bronnadh orm ag irisleabhar éigin mar ‘fhear amharclainne na bliana’ i bhfad siar i 1970. Ach sa lár tá mias de chriostal na Gaillimhe a bhronn an Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta orm as ucht an méid a rinne mé don drámaíocht Ghaeilge thar na blianta.”

Ag an bhFéile Náisiúnta Drámaíochta



Ag an bhFéile Náisiúnta Drámaíochta Sinéad Ní Fhlatharta, Aisteoirí Mhic Easmuinn, An Cheathrú Rua agus Ciara de Barra, Aisteoirí Charn Tóchair, Co. Dhoire.



Iar-bhall agus baill Aisteoirí Bulfin, Áth Cliath – ó chlé: Colm Mac Lochlainn, Mike Donoghue agus Lelia Ní Chinnéide.

Oscailt Oifigiúil na Féile Náisiúnta

le Micheál Ó Maolrúnaigh, Foras na Gaeilge

Tá áthas orm a bheith anseo anocht ag an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta agus í a oscailt thar cheann Foras na Gaeilge.

Tá Foras na Gaeilge an-tógtha le obair An Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta agus táimid bródúil as a bheith bainteach leis an gComhlachas.

Tá an Comhlachas ar an bhfód le 35 bliain agus ó shin i leith tá ról lárnach glactha acu i bhforbairt na drámaíochta.

Caithfear sár-obair na grúpaí drámaíochta Gaeilge fud fad na tíre a mholadh chomh maith. Is iad na grúpaí is cúis leis an Fhéile agus bíonn oícheanta fada curtha isteach acu leis an deireadh seachtaine seo a bhaint amach.

Tugann an Fhéile seo deis do na grúpaí uilig teacht le chéile agus tugann sé ardán do scoth na ndrámáí Gaeilge ó chuile cheard den tír. Idir na drámáí iad féin, na hagallaimh bheirte, na lúibíní agus Éigse na Féile tá rogha iontach ar fáil don lucht féachana. Níl an deis ag chuile ghrúpa a bheith i láthair

ag an deireadh seachtaine ach gabhaim comhghairdeas leis na grúpaí uilig a ghlac páirt sna féilte áitiúla. Tá súil agam go spreagann an Fhéile lucht féachana, muinín na háite, cuairteoirí agus chuile dhuine atá ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta. Ba mhaith liom fáilte a chur anseo anocht roimh Aisteoirí Charn Tóchair atá anseo don chéad uair. Tá súil agam go leanfaidh siad ag fás is ag forbairt cosúil leis na grúpaí a bhíonn anseo go rialta. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an gcoiste áitiúil. Tá an áit go hálainn anseo anocht agus is mór an onóir do phobal Chois Fharráige ócáid mar seo a bheith acu agus nach iontach go bhfuil áit mar seo ar fáil do dhrámaíocht agus chúrsaí ealaíne.





Bhuaigh siad gradaim ag Éigse na Féile Náisiúnta Drámaíochta: (*ó chlé*) Pádraig Ó Caomhánaigh, Corr na Móna; Lucia Atencia agus Kyle Carey, Corca Dhuibhne agus Micheál Ó Tuairisg, Corr na Móna. Is ó Galicia na Spáinne do Lucia agus is ó New Hampshire Mheiriceá do Kyle.



Donnchadh Mac Fhionnlaoidh, T.D. Aire Stáit na Gaeltachta, ag bronnadh gradam léiritheoireachta ar An Ath. Tomás Ó hIcí, Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne, ag an bhFéile Náisiúnta Drámaíochta.

Féile Náisiúnta Drámaíochta 2011


Bronnadh na nGradam ag an Aire Stáit, Donnchadh Mac Fhionnlaoidh T.D.

Óráid an Aire Stáit

Is cúis mhór áthais dom a bheith anseo in Amharclann Chois Fharraige inniu chun Féile Náisiúnta Drámaíochta 2011 a cheiliúradh. Gabhaim buíochas leis an Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta agus go háirithe le Seán Ó Morónaigh as ucht cuireadh a thabhairt domsa na gradaim a bhronnadh i mbliana. Cuireann sé go mór leis an ócáid an Fhéile a bheith ar siúl san amharclann álainn seo i gcroí-lár Chonamara agus cuirim fáilte is fiche romhaibh ar fad agus fosta roimh lucht éisteachta Raidió na Gaeltachta, ní hamháin ó cheann ceann na tíre ach ar fud an domhain mhóir.

Tréaslú

Ba mhaith liom i dtús báire tréaslú leis an Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta as an obair mhór atá ar siúl agaibh ag spreagadh, ag cothú agus ag neartú na drámaíochta i measc coistí agus pobail ar fud na tíre. Is dúshlán iontach mór é go háirithe i saol gnóthach an lae inniu, suim sa drámaíocht a choinneáil beo agus is éacht é go n-éiríonn libh Féile Náisiúnta den scoth a eagrú bliain in dhiaidh bliana. Ní gan saothar agus gan dua a dhéantar é seo. Mar a tharlaíonn sé, tá cúis cheiliúrtha ar leith anseo anocht mar tá an Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta ar an fhód le 35 bliain i mbliana. Déanann muid comhghairdeas libh agus tréaslaíonn muid libh as an fhís as an cheannródaíocht agus as an misneach a léirigh sibh le linn na blianta fada sin.



Tá sé de bhua ag an Chomhlachas go spreagann sé an drámaíocht ag leibhéil éagsúla ar nós tosaitheoirí, compántais ag forbairt agus compántais oilte. Chomh maith leis sin tugann sé tacaíocht agus comhairle do chumainn drámaíochta ar fud na tíre, cuidíonn sé le drámaí nua-scríofa a fhorbairt agus ardaíonn sé próifíl na drámaíochta Gaeilge i measc daoine óga sna coláistí. Is iomaí duine atá faoi chomaoin ag an Chomhlachas as an taithí mhaith a fuair siad ar ghairm na haisteoireachta agus tá slí bheatha fhiúntach bainte amach acu dá bharr, go háirithe ó tháinig TG4 ar an aer.

ar lean ...



Aodh Ó Domhnaill, Aisteoirí Bulfin, le gradam scríbhneoireachta a bronnadh air dá dhráma “Na Leabhra” ag an bhFéile Náisiúnta Drámaíochta.



Seán Ó Muimhneacháin a chum an t-amhrán saothair *An tÓstán Nua* agus an ceathrar cailín a chuir i láthair: Shauna Willems, Hannah Nic Eibhín, Cailín Ní Fhaoláin agus Róisín Ní Chéilleachair, Baile Mhuirne.

... ar lean

Na Cumainn Drámaíochta

Agus muid anseo ag ceiliúradh na hoibre atá ar bun ag an Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na cumainn drámaíochta ar fud na tíre agus an dul chun cinn atá á dhéanamh acu ar son na teanga agus ar son an chultúir, trí mheán na drámaíochta. Tá creidiúint mhór ag dul do na haisteoirí, na léiritheoirí, na scríbhneoirí, na haistritheoirí, an fhoireann theicniúil agus go deimhin do gach duine a bhíonn páirteach i ndrámáí Gaeilge den scoth a chur ar stáitse.

Is cúis cheiliúrtha í caighdeán agus éagsúlacht na ndrámáí a léiríodh ag Féile na bliana seo. Is cúis sásaimh ach go háirithe an deis a fuamar drámáí nua-scríofa agus drámáí aistrithe ó theangacha eile a fheiceáil mar go léiríonn sé go bhfuil beocht agus spleodar ag baint le drámaíocht na Gaeilge.

Tá sé tráthúil go bhfuil an Fhéile á ceiliúradh san amharclann bhréa seo i gCois Fharraige, ceantar atá ar maos le saibheas litríochta agus drámaíochta. Smaoiníonn muid anocht ach go háirithe ar laochra móra ar nós Máirtín Ó Cadhain agus Johnny Chóil Mhaidhc a bhí fréamhaithe san dúchas morthimpeall orthu. Faraor, tá siad imithe ar shlí na fírinne ach tá oidhreacht bhreá luachmhar fágtha le huacht acu dúinn. Tá laochra móra eile ag saothrú inár measc fosta ar ndóigh, scríbhneoirí agus drámadóirí ar nós Joe Steve Ó Neachtain agus Micheál Ó Conghaile, gan trácht ar an ghlúin úr de sháraisteoirí agus réalta óga a bhíonn le feiceáil go rialta ar TG4.

Gradam Éigse na Féile Náisiúnta Drámaíochta, do agallamh beirte, á bhronnadh ar Thomás Ó Maolruaidh, Corr na Móna agus ar Mháirín Uí Chonghaile, Baile na hAbhann, Conamara, ag Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich T.D.





Máirtín Mac Donnchadha, Bríd Ní Neachtain agus Cáit de Bhailís a dhein cur i láthair de rogha agallamh Chonamara thar na blianta (ón leabhar *Agallaimh na hÉigse*) ag Ócáid Oscailte na Féile Náisiúnta.

Éigse na Féile 2011 – Léirmheas Ginearálta

Moltóirí: Proinsias Ó hOireachtaigh, Eibhlín Ní Lionáird agus Áine Uí Chuill.

Níl aon amhras ach gur ócáid an-speisialta í Éigse na Féile arís i mbliana le rogha breá agallaimh, ceapóga, lúibíní agus amhráin saothair. Agus mar a bhíonn go minic, bhí scéalldráma ar chlár na hÉigse chomh maith.

Bhí slua breá i láthair ag an Éigse anseo inné – comhluadar a raibh tuiscint acu ar bhlastacht na cainte. Gan amhras, bhí bua na cainte sna taispeántais a cuireadh inár láthair.

Tá samhlaíocht fhileata fíor thábhachtach i gcumadóireacht na línte – go háirithe sna véarsaí go bhfuil cuma simplí orthu. Bhí línte níos blasta ná a chéile agus véarsaí níos deisbhéalaí ná a chéile á gcur inár láthair ach cé déarfadh nach raibh bua na cainte ag gach duine a sheas ós ár gcomhair. Ina measc bhí sár chainteoirí.

Bhí ceol na bhfocal sna hagallaimh ag dul i bhfeidhm orainn cinnte. Ach sna ceapóga, sna lúibíní agus san amhráin saothair bhí bua nádúrtha na nguthanna mar mhaise ar leith – bua traidisiúnta atá tagtha anuas ón mhuintir a chuaigh romhainn.

Is nach iontach go raibh na déagóirí meanscoile ó Bhaile Mhuirne páirteach sa cheiliúradh véarsaíochta seo. Agus bhíodar i dteannta beirteanna a bhfuil sean-taithí acu ar an ealaín traidisiúnta seo.

Bhí briathra breátha saibhre cantúnacha i nGaolainn Mhúscraí, Chorca Dhuibhne, Thír Chonaill, Mhaigh Eo, Chonamara i gcoimhlint lena chéile. Agus dar ndóigh is é an briatharchath, mar a tugtaí fadó, air croí lár na hÉigse.

An gá dhom a rá gur i bhfilíocht a chuir an fear a' tí, Máirtín Mac Donnchadha, an Éigse i láthair. Bhí fhios aige nach dtuigfí é i gcomhluadar mar seo muna labharfadh sé i bhfilíocht!



Gradam Foirne a bhronnadh ar Bhoscó Ó Conchúir, Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne don dráma nua *Ciúnas* le Tomás Ó hIcí.



Gradam Aisteoireachta á bhronnadh ar Gerry Motherway, Compántas Chorcaí ag Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich. T.D.

Carn Tóchair, Co. Dhoire



Cuid den slua a bhí i láthair i Halla na Breacaí, Carn Tóchair don dráma *Dealg an Tiomna* le Proinsias Ó Cuilinn á léiriú ag Aisteoirí Charn Thóchair.

Féile Drámaíochta na Coláistí Tríú Leibhéal



Radharc as an dráma nua-scríofa *Faosbook – Scéal Grá* le hEoin Ó Murchadha a léirigh An Cumann Drámaíochta, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ag Féile Drámaíochta na gColáistí Tríú Leibhéal.



Radharc as an dráma *Cailíní Gránna*, dráma nua le Cáit Ní Mhaoldomhnaigh, Caoimhín Ó Muireasa, Hilary Bowen-Walsh, Louise Ní Mhuirheartaigh, Méabh Browne agus Ruth Nic Ginneá a léirigh Cumann Drámaíochta na Gaolainne, Ollscoil Chorcaí ag Féile Drámaíochta na gColáistí Tríú Leibhéal.

CUMAINN NUA DRÁMAÍOCHTA



Aisteoirí na hÓmaí a léirigh *Dóchas na Caillí*, scéaldráma ó bhéaloideas Thír Chonaill ag Na Dúnaibh, Tír Chonaill agus san Ómaigh, Tír Eoghain.

Páirteach sa dráma bhí: Nioclas Ó Casaide, Aoife Loughlin, Piaras Mac Bhloscaid, Cairín Ní Loinn, Bernadine Ní Samhrain, Mairéad Nic Challa Bhuí agus Caoimhín Mag Uiginn.

Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach, a léirigh an dráma *Dúirt Bean Liom* le Lady Gregory i mBaile Átha Cliath agus i gCeatharlach.



LE TEACHT

Mangairí

Dráma le Murray Shisgal

á léiriú ag Buíon Phádraig, Luimneach

i Halla Íde, Luimneach

Domhnach, 6 Meitheamh 2011

FUIL AR AN TORC

le Proinsias Ó Cuilinn

á léiriú ag Aisteoirí Mhíobhaigh
ag Coláiste Gaeilge Ros Goill, Na Dúnaibh

Máirt 19 Iúil agus Luan 1 Lúnasa

Éigse Drámaíochta na Samhna

in Óstán na Trá, Na Dúnaibh